# CINNEADH (CBES) 2020/907 ÓN GCOMHAIRLE

## an 29 Meitheamh 2020

## lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES maidir le bearta sriantacha I bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES ([1]).

(2) An 19 Márta 2015, d'aontaigh an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí na bearta is gá chun fad na mbeart sriantach a nascadh go soiléir le cur chun feidhme iomlán chomhaontuithe Mhionsc, agus é á chur san áireamh gur beartaíodh an cur chun feidhme iomlán don 31 Nollaig 2015.

(3) An 19 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2192 ([2]), lena ndéantar Cinneadh 2014/512/CBES a athnuachan go dtí an 31 Iúil 2020 chun a chur ar a cumas measúnú breise a dhéanamh ar chur chun feidhme chomhaontuithe Mhionsc.

(4) Tar éis di measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme chomhaontuithe Mhionsc, measann an Chomhairle gur cheart Cinneadh 2014/512/CBES a athnuachan go ceann sé mhí eile chun a chur ar chumas na Comhairle measúnú breise a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 9(1) de Chinneadh 2014/512/CBES:

"1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Eanáir 2021.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Meitheamh 2020

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. METELKO-ZGOMBIĆ

---

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

([2]) Cinneadh (CBES) 2019/2192 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 330, 20.12.2019, lch. 71).